

Plean Feabhsúcháin Scoile - 2014 -2015

Tuairisc go Tuistí (2)

Torthaí ón dara bhliain: Scríobh agus léitheoireacht na Gaeilge.

1. Réamhrá

1.1 Fócas na meastóireachta

Rinneadh féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim san Litearthacht Gaeilge i nGaelscoil na Giúise le linn na tréimhse Éanáir go Meitheamh 2015 . Seo tuairisc ar thátáil na meastóireachta:

1.2 Comhthéacs na scoile:

- Is Gaelscoil í seo a bunaíodh i 2013. Tá an scoil ag fás ó 2013 le páistí, múinteoirí, seomraí nua gach bliain ó 2013.
- Beidh an scoil ag fás agus ag forbairt agus táimid ag súil le glacadh le thar 30 dalta an bhliain scoile seo chughainn 2014-15
- Tá an Príomhoide ag múineadh.
- Is scoil aonsruthacha í.
- Tá 26 dalta sa scoil. (cáilíní agus buachaillí)
- Tá beirt mhúinteoir ranga, múinteoir amháin feabhais roinnte le scoil eile.

2. Na tátáil

Dearcadh agus Cultúr na scoile timpeall ar an nGaeilge

2.1 Tá dearcadh, atmaisféar agus cultúr an-dearfach sa scoil maidir leis an nGaeilge agus tá gaol an-láidir sa scoil idir an Taitneamh agus an Teanga a úsáid.

2.2 Tugtar go leor duaiseanna, moladh agus spreagadh go leanúnach sa scoil i dtaobh labhairt na Gaeilge.

2.3 Cuirtear béim an-mhór ar an taitneamh i rith Seachtain na Gaeilge gach bliain ach go háirithe.

Cultúr na Gaeilge:

Faoi láthair tá ranganna rince Gaelach ar siúl i rith am scoile. Tá Gaeilge ag an múinteoir a thagann isteach. Tagann Club CLG Naomh Áine agus Tomás Daibhís isteach gach seachtain agus tá Gaeilge ag na múinteoirí seo.

Sa todhchaí ba mhaith linn ranganna feadóg stáin a mhúineadh i ngach rang ó Rang 2 ar aghaidh. Ba mhaith linn ranganna iarscoile a chur ar fáil ón bhliain 2016-17, ranganna ceoil, dramaíochta, rince srl. Tá súil againn múinteoirí le Gaeilge a fháil chun na ranganna seo a chur ar fáil.

Tá ranganna ar siúl do thuismitheoirí gach téarma.

Tá na gnéithe seo ar siúl go leanúnach tríd na scoile:

Tá an luath-thumoideachas á chleachtadh sa scoil agus tosnaíonn na páistí ar an mBéarla ó Mhí Mhárta ar aghaidh i Naíonáin Shinsir

An Cur chuige cumarsáideach, Foghlaim ghníomhach, grúp-obair, obair beirte, am tugtha don Ghaeilge sna hábhair eile, strúchtúr cinnte sna ceachtanna, raon leathan de mhodhanna measúnaithe.

Aistear: Tá Aistear ar siúl trí lá in aghaidh na seachtaine sna ranganna Naíonán

Don scoilbhliain 2015-16 beidh an scoil ag díriú ar an Mata agus ag cur plean Feabhsúcháin Mata le chéile.

Cruinneas na Gaeilge Labhartha

Measaimid go bhfuil caighdeán ard líofachta agus foclóra á úsáid ag na páistí ó bhéal ach

1. Tá easpa chruinneas sa Ghaeilge a úsáideann na bpáistí go nádúrtha lena chéile (ie nuair nach bhfuil an múinteoir thart). Ach ag an am céanna níl na páistí is sine ach i Rang 1 agus caithimid seans a thabhairt dóibh a gcuid Gaeilge labhartha a fhorbairt.
2. Níl slí uil-scoile againn sa scoil faoi chonas tabhairt faoi bhotúin nó gramadach na bpáistí a cheartú.
3. Níl modh measúnaithe cinntithe againn faoi chonas Ghaeilge labhartha a mheas.
4. Duaiseanna agus modhanna spreagadh don labhairt na Gaeilge sa chlós- Bíonn sé seo ar siúl againn sa chlós in amanta ach ní go rialta.

Scríbhneoireacht

1. Tá an scoil ag leanúint scríobhneoireacht ceangailte ó Naíonáin go Rang 6.
2. Ba mhaith linn go mbeadh raon leathan de seanraí/ cleachtaithe scríbhneoireachta sa Ghaeilge ar siúl i ngach rang agus go mbeadh forbairt leanúnach ann ó rang go rang tríd na scoile.

Teicneolaíocht

Tá raon mhaith áiseanna teicneolaíochta in úsáid sna ranganna chun Gaeilge a mhúineadh: idirlíon, i photo, cláir báin idirghníomhacha srl

Achoimre ar thátáil na féinmheastóireachta.

Tá láidreachtaí ag ár scoil sna hachair seo a leanas:

Tá gaol an-láidir idir an taitneamh agus an Ghaeilge sa scoil agus tá atmaisféar an-dearfach i measc an phobail uilig timpeall ar labhairt na Gaeilge agus cultúr na Gaeilge

Tá caighdeán sásúil den: Cur chuige Cumarsáideach, grúpobair, obair beirte, raon de mhodhanna measúnaithe agus foghlaim ghníomhach ar siúl tríd na scoile

Tá córas léitheoireachta curtha i bhfeidhm sa scoil, táimid ag baint úsáid as na leabhair Cleití ón Áisaonad. Bainfidh na páistí úsáid as na leabhair seo go rang 2.

Tá leabharlann scoile curtha ar fáil ag Cumann na dTuismitheoirí áit gur féidir le aon duine ón scoil teacht isteach agus leabhair Ghaeilge a thógaint ar cíós

Cuireann Cumann na dTuistí oícheanta sóisialta ar siúl ó am go chéile do na páistí, mar shampla Oíche Scannán le scannán trí Ghaeilge, Tráth na gCeist do thuismitheoirí le mór chuid de trí Ghaeilge srl.

Don phlean seo tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhsúcháin:

1. Cruinneas na Gaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú i ngnáthchaint na bpáistí
2. Tá súil againn go mbeidh caighdeán ard cur i láthair agus peannaireachta i saothar na bpáistí tríd na scoile

Éispéiris Foghlama na bPáistí:

Taitneamh sa léitheoireacht a fhorbairt tríd na scoile

Cleachtas Múinteoirí

Cinnteacht a chruthú tríd na scoile ar an eagrúcháin den léitheoireacht, an córas atá tosnaíthe againn a leanúint áit go bhfuil clár cuimsitheach don léitheoireacht á leanúint ag na páistí tríd na scoile.

Níor déanadh scrúdaithe caighdeánach go fóill ar pháistí sa scoil sa Ghaeilge. Beimid á dhéanamh ag deireadh na bliana se oo

Cultúr an Chumarsáid éifeachtach.

Is mian linn sa scoil go mbeidh córas éifeachtach aiseolais do thuistí maidir le dul chun cinn na bpáistí maidir le gach gné den saol scoile.